



2026/77

9.1.2026

CINNEADH (AE) 2026/77 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 19 Nollaig 2025

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/166 maidir leis an mBord um Bonneagar
Margaidh (BCE/2019/3) (BCE/2025/43)**

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 12.3 de,

Ag féachaint do Threoirlíne BCE/2012/13 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Iúil 2012 maidir le TARGET2-Urrúis ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I bhfianaise na taithí a fuarthas ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh (AE) 2019/166 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/3), ⁽²⁾ meastar gurb iomchuí Rialacha Nós Imeachta an Bhoird um Bonneagar Margaidh (Market Infrastructure Board, MIB) a thabhairt cothrom le dáta.
- (2) Meastar freisin go bhfuil gá le mionleasuithe chun an Cód Iompair do chomhaltaí BBM a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí. Ina theannta sin, tá gá le nuashonruithe chun cur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais (Eurosystem Collateral Management System, ECMS) a léiriú. Cuimsíonn inniúlachtaí BBM gach ábhar a bhaineann le ECMS ach ní bhaineann siad leis an gcreat comhthaobhachta ná le haon ghníomh dlí gaolmhar, amhail Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/22) ⁽³⁾.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/166 (BCE/2019/3) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann le Cinneadh (AE) 2019/166 (BCE/2019/3) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

⁽¹⁾ IO L 215, 11.8.2012, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2012/473/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2019/166 ón mBanc Ceannais Eorpach an 25 Eanáir 2019 maidir leis an mBord um Bonneagar Margaidh agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2012/6 maidir le Bord Urrús- TARGET2 a bhunú (BCE/2019/3) (IO L 32, 4.2.2019, lch. 14, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/166/oj>).

⁽³⁾ Treoirlíne (AE) 2024/3129 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2024 maidir le comhthaobhacht in oibriochtaí creidmheasa an Eurochórais a bhainistiú (BCE/2024/22) (IO L, 2024/3129, 20.12.2024, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/guideline/2024/3129/oj>).

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 19 Nollaig 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann le Cinneadh (AE) 2019/166 (BCE/2019/3) mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn I, sa réamhrá, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Tairgeann an tEurochóras bonneagair mhargaidh, ardáin, feidhmchláir agus seirbhísí gaolmhara i réimsí na socraíochta airgid, na socraíochta urrús agus na bainistíochta comhthaobhachta, lena gcuimsítear seirbhísí TARGET lena n-áirítear seirbhísí T2, T2S agus TIPS chomh maith le ECMS (na "seirbhísí bonneagair Eurochórais").";

- (2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

- (a) i gCaibidil 1, sa réamhrá, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Tairgeann an tEurochóras bonneagair mhargaidh, ardáin, feidhmchláir agus seirbhísí gaolmhara i réimsí na socraíochta airgid, na socraíochta urrús agus na bainistíochta comhthaobhachta, lena gcuimsítear seirbhísí TARGET lena n-áirítear seirbhísí T2, T2S agus TIPS chomh maith le ECMS (na "seirbhísí bonneagair Eurochórais").";

- (b) i gCaibidil 1, Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Tá BBM comhdhéanta den Chathaoirleach agus de chomhaltaí eile, mar a leanas:

- (a) naonúr comhaltaí ó BCNanna an Eurochórais (a bhfuil cearta vótála acu), sa chaoi go ndéantar ionadaíocht ar 85 % ar a laghad de ranníocaíochtaí BCNanna an limistéir euro le caipiteal BCE (i.e. 85 % de scála caipitil an Eurochórais);
- (b) comhalta amháin in aghaidh BCN nach bhfuil sa limistéar euro a shínigh Comhaontú Rannpháirtíochta Airgeadra amháin ar a laghad (a bhfuil cearta vótála ag beirt acu, arna ainmniú ag Cathaoirleach BBM ar mholadh ó Ghrúpa Stiúrtha Airgeadraí Neamh-euro); agus
- (c) beirt chomhaltaí nach den bhanc ceannais iad (gan cearta vótála): duine a bhfuil taithí aige mar oifigeach sinsearach i dtionscal na n-íocaíochtaí, agus duine eile a bhfuil taithí aige mar oifigeach sinsearach i dtionscal na n-urrús.;

- (c) i gCaibidil 2, Roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh Grúpa Neamhfhoirmiúil an Eurochórais um Bonneagar Margaidh (Eurosystem Informal Group for Market Infrastructure, EIG) comhdhéanta d'ionadaithe arna n-ainmniú ag BCNanna an Eurochórais nach bhfuil ionadaíocht acu in BBM. Féadfaidh EIG barúlacha i scríbhinn a sholáthar le linn nósanna imeachta BBM i scríbhinn nó roimh chruinnithe BBM ionas gur féidir le BBM a dtuairimí a chur san áireamh go cuí. Féadfaidh comhaltaí EIG iarraidh ar an gCathaoirleach páirt a ghlacadh in BBM freisin má tá leas ar leith acu in ábhar. Beidh an Cathaoirleach freagrach as BCNanna sin an Eurochórais a chur ar an eolas má mheastar go bhféadfadh leas ar leith a bheith acu agus féadfaidh sé freisin aon phointe a ardaíonn BCN Eurochórais den sórt sin a thabhairt os comhair BBM.;"

- (3) tá Iarscríbhinn III le leasú mar a leanas:

- (a) sa réamhrá, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad dá mhír:

"Tá an Bord um Bonneagar Margaidh (Market Infrastructure Board, MIB) comhdhéanta de chomhaltaí arna gceapadh ag Comhairle Rialaithe (an "Chomhairle Rialaithe") an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE). Ní mór do na Feisirí gníomhú ina n-aonar chun leasa an Eurochórais agus ní mór do chomhaltaí BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro gníomhú chun leasa bhonneagair mhargaidh an Eurochórais, na n-ardán, na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí gaolmhara i réimsí na socraíochta airgid, na socraíochta urrús agus na bainistíochta comhthaobhachta, lena gcuimsítear seirbhísí TARGET lena n-áirítear seirbhísí T2, T2S agus TIPS chomh maith le ECMS ("seirbhísí bonneagair an Eurochórais") a bhfuil Comhaontú Rannpháirtíochta Airgeadra sínithe acu ina leith ar a laghad. Ní mór do na comhaltaí dóthain ama a thabhairt dá rannpháirtíocht ghníomhach in obair BBM.

Is é BBM an comhlacht rialachais a thacaíonn leis an gComhairle Rialaithe chun a áirithiú go ndéantar seirbhísí bonneagair an Eurochórais a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh, agus go ndéantar tionscadail a bhaineann le seirbhísí bonneagair an Eurochórais atá ann cheana nó seirbhísí bonneagair nua an Eurochórais (“tionscadail bhonneagair an Eurochórais” nó “tionscadail”) a bhainistiú, i gcomhréir le cuspóirí Conartha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), leis na riachtanais ghnó, leis an dul chun cinn teicneolaíoch, leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme maidir le seirbhísí agus tionscadail bhonneagair an Eurochórais, chomh maith le ceanglais rialála agus formhaoirseachta, agus lánurraim á tabhairt do shainorduithe choistí CEBC arna mbunú faoi Airteagal 9 de Rialacha Nós Imeachta BCE. Tuairiscíonn BBM do chomhlachtaí cinnteoireachta BCE.;

- (b) sa réamhrá, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú agus an chúigiú mír:

‘Tá feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla a luaitear in Airteagal 37.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (“Reacht CEBC” anseo feasta) maidir le foireann BCE agus foireann an Bhainc Cheannais Náisiúnta (BCN) a chomhlíonann cúraimí CEBC, agus cumhdaítear léi, i measc nithe eile, faisnéis rúnda maidir le rúin trádála nó aon fhaisnéis eile a bhfuil luach tráchtála ag baint léi. Tá feidhm ag oibleagáid choibhéiseach maidir le comhaltaí BBM nach bainc ceannais iad agus iad i mbun cúraimí mar chomhaltaí BBM. Ní mór do chomhaltaí nach baill den bhanc ceannais iad aon rialacha iompair breise a d’fhéadfaí a fhoráil ina dtéarmaí agus coinníollacha ceapacháin a chomhlíonadh freisin.

Is iomchuí, agus i gcomhréir le dea-chleachtas riaracháin, gur cheart, leis na Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir le Cathaoirleach BBM, agus leis na forálacha is infheidhme maidir le comhaltaí BBM ar baill foirne BCN iad, foráil a dhéanamh maidir le sásamh dlíthiúil i gcás sáruithe ar an gCód Iompair seo (an “Cód”). Tá feidhm ag foráil choibhéiseach maidir le comhaltaí nach bainc ceannais iad de BBM.;

- (c) i Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ciallaíonn “Leas-Chathaoirleach” an duine a thacaíonn leis an gCathaoirleach agus a cheapann an Chomhairle Rialaithe as measc chomhaltaí BBM. Tacaíonn an Leas-Chathaoirleach leis an gCathaoirleach agus déanann sé cathaoirleacht ar chruinnithe BBM, nuair a bhíonn an Cathaoirleach as láthair go sealadach, i gcomhréir leis an gclár oibre réamhshocraithe do chruinniú BBM i dtrácht.;

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV:

IARSCRÍBHINN IV

NÓSANNA IMEACHTA AGUS CEANGLAIS CHUN AN MÉID SEO A LEANAS A ROGHNÚ, A CHEAPADH AGUS A IONADÚ COMHALTAÍ NACH COMHALTAÍ DEN BHANC CEANNAIS IAD DEN BHORD UM BONNEAGAR MARGAIDH

1. Comhaltaí a cheapadh

- 1.1. Foilseoidh an Banc Ceannais Eorpach (“BCE”) glao ar léiriú spéise atá le ceapadh mar chomhaltaí nach comhaltaí bainc ceannais iad den Bhord um Bonneagar Margaidh (“BBM”) agus chun liosta ionadaithe a chruthú. Déanfar an glao ar léiriú spéise i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Chinneadh (AE) 2016/245 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/2) (*). Beidh an nós imeachta comhsheasmhach le prionsabail ghinearálta an tsoláthair phoiblí.
- 1.2. Leagfar amach an méid seo a leanas, i measc nithe eile, sa ghlaó ar léiriú spéise: (a) ról BBM; (b) ról chomhaltaí neamhbhainc ceannais BBM; (c) na critéir roghnúcháin; (d) gnéithe airgeadais ábhartha; agus (e) an nós imeachta iarratais, lena n-áirítear sprioc-am chun iarratais a fháil.
- 1.3. Foilseofar an glao ar léiriú spéise go comhuaineach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin BCE. I gcás neamhréireachtaí, beidh tosaíocht ag an leagan a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar leaganacha eile.
- 1.4. 35 lá féilire ar a laghad a bheidh sa sprioc-am d’iarrthóirí chun iarratas a chur isteach tar éis fhoilsiú an ghlaó ar léiriú spéise in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Nós imeachta roghnúcháin

- 2.1. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin meastóireacht ar na hiarrthóirí de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 3 den Iarscríbhinn seo.
- 2.2. Féadfaidh Cathaoirleach BBM, ionadaithe ó bhainc cheannais náisiúnta an Eurochórais, agus foireann BCE tacú leis an mBord Feidhmiúcháin chun na foirmeacha measúnaithe iarrthóirí a chomhlánú, lena n-áirítear achoimre ar fhiúntais agus easnamh an iarrthóra i gcomhthéacs na gcritéar roghnúcháin don sainordú agus moladh le haghaidh ceapacháin de réir oiriúnacht iarrthóra.
- 2.3. Ceapfaidh an Chomhairle Rialaithe comhaltaí bainc ceannais BBM ar bhonn togra ón mBord Feidhmiúcháin.
- 2.4. Ceapfar beirt iarrthóirí go díreach, agus bunófar liosta ionadaithe d'iarrthóirí d'fholúntais amach anseo.

3. Critéir roghnúcháin

- 3.1. Is iad seo a leanas na critéir roghnúcháin:
 - (a) saineolas mar oifigeach sinsearach i dtionscal na n-íocaíochtaí nó saineolas i dtionscal na n-urrús, mar sholáthraí seirbhíse nó mar úsáideoir seirbhísí sa réimse seo, chomh maith le saineolas a bhaineann le hearnáil airgeadais an Aontais i gcoitinne;
 - (b) taithí 10 mbliana ar a laghad ar idirghníomhú le mórgníomhaithe margaidh i margaí airgeadais an Aontais;
 - (c) taithí ábhartha, i mbainistiú tionscadal más féidir;
 - (d) an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla;
 - (e) an cumas dóthain ama a chaitheamh ar chúrsaí BBM; agus
 - (f) comhlíonadh na gceanglas maidir le “stiúrthóir neamhspleách” mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2025/1355 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/22) (**), lena mbunaítear ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (systemically important payment systems, SIPS).

4. Liosta ionadaithe

- 4.1. Beidh sé d'aidhm ag BCE liosta ionadaithe iarrthóirí a choimeád i gcónaí chun poist chomhaltaí BBM nach comhaltaí de bhainc cheannais iad a líonadh. Is í an Chomhairle Rialaithe a fhormheasann an liosta ionadaithe agus áireofar ann iarrthóirí a rinne iarratas ar an nglao deireanach ar léiriú spéise agus a measadh a bheith ina n-iarrthóirí iomchuí ach nár roghnaíodh mar chomhalta de BBM nach comhalta bainc ceannais é.
- 4.2. Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann tréimhse 36 mhí a luaithe a bheidh sé formheasta ag an gComhairle Rialaithe. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe bailíocht an liosta ionadaithe a fhadú go ceann tréimhse breise 36 mhí, má mheastar gur gá sin.
- 4.3. Má thagann folúntas comhalta nach comhalta den bhanc ceannais é chun cinn in BBM, féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin iarrthóir a roghnú ón liosta ionadaithe de réir a rangaithe agus iad a mholadh don Chomhairle Rialaithe mar chomhaltaí neamh-lárnacha BBM ar feadh téarma oifige 36 mhí nó téarma oifige níos giorra. Féadfaidh an téarma oifige sin a bheith in-athnuaithe go ceann téarma breise nach faide ná 36 mhí ionas nach rachaidh an téarma iomlán thar an téarma uasta a cheadaítear do chomhaltaí nach baill den bhanc ceannais iad ar feadh sé bliana.
- 4.4. Ní bheidh an liosta ionadaithe ar oscailt d'iarratasóirí nua.
- 4.5. Féadfaidh iarrthóirí a gcuid sonraí a rochtain, a thabhairt cothrom le dáta nó a cheartú ach ní fhéadfaidh siad faisnéis a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar roghnúcháin acu a thabhairt cothrom le dáta ná a cheartú tar éis dháta deiridh an ghlaio ar léiriú spéise.

5. Ceapacháin

- 5.1. Ceapfar comhaltaí neamhbhainc cheannais BBM ina gcáil phearsanta. Ní fhéadfaidh siad a bhfreagrachtaí a tharmligean chuig comhalta eile ná chuig tríú páirtí.
- 5.2. Ceapfaidh an Chomhairle Rialaithe comhaltaí nach bainc ceannais iad de BBM mar chomhaltaí de BBM nach bhfuil vóta acu ar feadh suas le 36 mhí, agus a fhéadfar a athnuachan ar feadh téarma breise nach faide ná 36 mhí ionas nach rachaidh an téarma oifige iomlán thar an téarma uasta a cheadaítear do chomhaltaí nach bainc cheannais iad ar feadh sé bliana.
- 5.3. Déanfar an ceapachán a chur ar bhonn foirmiúil trí litir cheapacháin ina n-ionchorpraítear téarmaí agus coinníollacha ceapacháin chomhaltaí BBM nach comhaltaí bainc ceannais iad mar a bheidh leagtha síos ag an gComhairle Rialaithe.

6. Dearbhuithe

- 6.1. Geallann comhaltaí nach bainc ceannais iad de BBM go gcloífidh siad le Cód Iompair BBM, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III. Dá réir sin, ceanglaítear orthu an “Dearbhú maidir le comhlíonadh an Chóid Iompair” i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn III a shíniú agus an “Dearbhú spéise” i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn III a chomhlánú agus a shíniú.
- 6.2. Ní mór do chomhaltaí de BBM nach baill de bhainc cheannais iad na dearbhuithe a sholáthraítear sa ghlaó ar léiriú spéise a shíniú freisin.

7. Foirceannadh agus ionadú

- 7.1. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe téarma oifige comhalta nach banc ceannais de BBM é a fhoirceannadh más rud é, i gcás an chomhalta sin nach comhalta den bhanc ceannais é, go dtarlóidh aon cheann díobh seo a leanas: coinbhleacht leasa, sárú dualgais, neamhábalacht a ndualgais a chomhlíonadh, sárú ar an gCód Iompair agus/nó mí-iompar tromchúiseach.
- 7.2. Meastar téarma oifige comhalta nach comhalta den bhanc ceannais é a bheith foirceanta nuair a éiríonn an comhalta sin nach comhalta den bhanc ceannais é as oifig nó nuair a théann a théarma oifige in éag gan é a athnuachan.
- 7.3. Má fhoirceanntar téarma oifige roimh dheireadh téarma 36 mhí, beidh feidhm ag Roinn 4.2.

(*) Cinneadh (AE) 2016/245 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Feabhra 2016 lena leagtar síos na rialacha maidir le soláthar (BCE/2016/2) (IO L 45, 20.2.2016, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/245/oj>).

(**) Rialachán (AE) 2025/1355 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2025 maidir le ceanglais formhaoirseachta le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2025/22) (IO L, 2025/1355, 14.7.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1355/oj>).